Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/798

25.4.2025

# CINNEADH (AE) 2025/798 ÓN gCOMHAIRLE

## an 14 Aibreán 2025

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Meitheamh 2023 d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Shingeapór le haghaidh comhaontú maidir le disciplíní trádála digití. Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ('an Comhaontú') a chaibidliú.

(2) Is comhaontú nua-aimseartha neamhspleách é an Comhaontú a chomhlánóidh an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór ([1]) le gealltanais uaillmhianacha cheangailteacha maidir leis an trádáil dhigiteach. Cuirfidh an Comhaontú feabhas ar chosaint tomhaltóirí ar líne, cuirfidh sé deimhneacht dhlíthiúil ar fáil do ghnólachtaí, áiritheoidh sé sreafaí iontaofa sonraí agus tabharfaidh sé aghaidh ar bhacainní gan údar ar an trádáil dhigiteach, i gcomhréir le beartas trádála digití an Aontais arb é is aidhm dó rannchuidiú le claochlú digiteach an Aontais, agus lena shlándáil eacnamaíoch.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(4) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus thug sé tuairim uaidh an 21 Márta 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ([3]) a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Aibreán 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

---

([1]) IO L 294, 14.11.2019, lch. 3, http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1875/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([3]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.